**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

**DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH 2005, MAIDIN 9.30 - 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA-ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

## ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn 11 ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Sa chóras margaidh ceannaíonn gnólachtaí acmhainní ar mhargaí ________________________ agus baineann siad úsáid astu chun ____________________ agus ________________________ a sholáthar do mhargaí ________________________.

**2.** Mínigh an téarma Costais Bharúlacha agus luaigh **DHÁ** shampla: ________________________________

________________________________________________________________

SAMPLA 1: ________________________________________________

SAMPLA 2: ________________________________________________

**3.** In éagmais idirghabhála ón Rialtas, cinntear praghas tráchtearra ________________________________

________________________________________________________________

**4.** Tabhair cúis **AMHÁIN** gur fiú níos mó d'Éirinn na honnmhairí talmhaíochta faoin gComhpholasaí Talmhaíochta (CAP), ná an méid a thaispeántar sna staitisticí trádála a fhoilsíonn an Phríomhoifig Staidrimh.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**5.** Luaigh **DHÁ** chúis go a bhfuil na praghsanna bainne a fhaigheann feirmeoirí na hÉireann, níos ísle ná mar atá i mballstáit eile an Aontais Eorpaigh.

(i) ________________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________________

**6.** Deirtear gur **praghasghlacadóirí** iad feirmeoirí san áit mhargaidh. Mínigh an cruth atá ar Chuar an Éilimh don fheirmeoir aonair sa chás seo.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**7.** Ríomhtar an táirge ioncaim imeallach (MRP) tríd an __________________________________a mhéadú faoin ______________________________________.

**8.** Luaigh **DHÁ** shaintréith i bhfeirmeoireacht a chuireann srianadh ar éifeachtacht mhargaíochta i dtalmhaíocht.

(i)________________________________________________________________

(ii)________________________________________________________________

**9.** Is féidir le costas a bheith seasta i bhfeirm amháin agus athraitheach i gceann eile. Mínigh, trí úsáid a bhaint as sampla.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**10.** Más é 0.2 leaisteachas ioncaim an éilimh do bhia agus má tá fíorioncaim per capita ag fás 5% in aghaidh na bliana, cad é an ráta fáis bliantúil ar an éileamh do bhia? ______________________________

______________________________________________________________________________

**11.** " Ag áireamh an Aschuir i gCuntais Feirme, is féidir le feirmeoir a aschur agus ioncam a mhéadú nó a laghdú in aon bhliain ar bith, trí rogha a bheith aige ó thaobh luachálacha tosaigh agus deiridh, ina mheastachán ar athraithe fardail." Mínigh an ráiteas seo.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**12.** Is é is brí le 'Coinníoll na Caillroinnte' in árachas ná ___________________________________________

______________________________________________________________________________

**13.** Mínigh an téarma 'Fíor-Ráta Úis'.

______________________________________________________________________________

**14.** Idirdhealaigh idir Páirtbhuiséad agus Buiséad Iomlán.__________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**15.** Ní leor é an meánioncam feirme in Éirinn chun toradh ag ráta an mhargaidh a thabhairt do

_________________________nó do ____________________.

**16.** Luaigh DHÁ chúis go bhfuil úinéirí maoine níos fearr as ná daoine ar an ioncam céanna nach úinéirí iad.

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

**17.** Luaigh **DHÁ** shampla de 'choigeartú', faoi mar a thuigeann eacnamaithe talmhaíochta é.

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

**18.** Tá formhór na n-íocaíochtaí díreacha atá ann do fheirmeoirí faoi láthair, á n-athrú go hÍocaíochtaí Díchúplaithe. Mínigh cad a chiallaíonn sé seo.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**19.** Cad atá i gceist, dar leat, leis na téarmaí REPS (i mBéarla), mar a oibríonn siad faoi láthair san Aontas Eorpach?

______________________________________________________________________________

**20.** Dúirt Mac Sharry i 1991 go bhfuil dhá ról éagsúla le comhlíonadh ag feirmeoirí an Aontais Eorpaigh i ngeilleagair nua-aimseartha. Cad iad?

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

# ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** **(a)** Pléigh próiseáil agus margaíocht na mairteola in Éirinn faoi **gach ceann** de na cinnteidil seo a leanas:

**(i)** Úinéireacht an chumais phróiseála;
**(ii)** Na príomh-mhargaí;
**(iii)** Séasúracht na táirgíochta;
**(iv)** Tionchar an Chomhpholasaí Talmhaíochta (CAP).

**(b)** Imlínigh cén fáth a bhfuil feirmeoirí buartha faoi oibriú an tionscail seo.

**[50 marc]**

**2.** **(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:
(i) Innéacs Praghsanna Tomhaltais;
(ii) Innéacs Praghsanna Réadacha;
(iii) Téarmaí Trádála Feirmeoirí.

**(b)** Is iad seo a leanas innéacsanna na bpraghsanna go bonn 1990=100:

| | 1990 | 2004 |
|---|---|---|
| Aschuir Thalmhaíochta (AOPI) | 100 | 90 |
| Ionchuir Thalmhaíochta (AIPI) | 100 | 100 |
| Praghsanna Tomhaltais (CPI) | 100 | 150 |

Don tréimhse 14 bliana, ríomh:

(i) An t-athrú i bpraghsanna réadacha a fuair na feirmeoirí;

(ii) An t-athrú i dTéarmaí Trádála do fheirmeoirí.

**(c)** In ainneoin na ngluaiseachtaí praghsanna, a bhí neamhfhabhrach do fheirmeoirí, tá méadú tagtha ar mhéanioncaim réadacha feirme, in aghaidh gach oibrí, sa tréimhse sin. Imlínigh **DHÁ** chúis leis seo.

**[50 marc]**

**3.** Is iad seo a leanas na sonraí do fheirm theaghlaigh, ina bhfuil duine amháin fostaithe:

| | € |
|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin | 200,000 |
| Dímheas | 1,000 |
| Méadú sna fardail | 5,000 |
| Tomhaltas an tí | 1,000 |
| Costais athraitheacha | 30,000 |
| Costais sheasta | 35,000 |
| Tuarastail bharúlacha | 20,000 |
| Infheistiú iomlán | 600,000 |
| Toradh barúlach ó infheistíocht | 5% |

Ríomh, agus taispeáin do oibríochtaí ar fad:

**(i)** Aschur na Feirme;
**(ii)** Ollchorrlach na Feirme;
**(iii)** Ioncam ó fheirm an Teaghlaigh;
**(iv)** Ioncam ó infheistíocht;
**(v)** Brabús.

**[50 marc]**


**4.** Sa léaráid thíos, taispeántar an t-éileamh ar thalamh agus a sholáthar.

**(a)** Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna, maraon le cuair an tsoláthair agus an éilimh agus taispeáin an praghas cothromaíochta do thalamh.

**(b)** Is 'éileamh díorthaithe' é an t-éileamh ar thalamh. Mínigh an ráiteas seo.

**(c)** Taispeáin ar an léaráid cad a tharlaíonn má bhíonn laghdú i bpraghas an aschuir thalmhaíochta. Mínigh do fhreagra.

**(d)** Tá méadú tagtha ar an éileamh ar thalamh le blianta beaga anuas. Imlínigh cúiseanna leis an bhforbairt seo.



**[50 marc]**

**5.** Sceideal Soláthair do Chruithneacht

| **Praghas na Cruithneachta** | **Méid a tháirgtear gach bliain ag gach leibhéal praghais** |
|---|---|
| Praghas don tona | Tonaí sa bhliain |
| **€** | (‘000) |
| 50 | 300 |
| 60 | 320 |
| 70 | 340 |
| 80 | 360 |
| 90 | 380 |
| 100 | 400 |

**(a)** Déan amach cuar soláthair do chruithneacht ó na sonraí sa tábla thuas.

**(b)** Sainmhínigh *Praghasleaisteachas an tSoláthair*.

**(c)** Ríomh Praghasleaisteachas an tSoláthair de réir mar a athraíonn an praghas ó €70 an tona go €80 an tona.

**(d)** Luaigh cé acu a bhfuil Praghasleaisteachas an tSoláthair leaisteach nó neamhleaisteach. Mínigh do fhreagra.

**(e)** Imlínigh **TRÍ** thoisc, seachas praghas, a mbíonn tionchar acu ar sholáthar na cruithneachta.

**[50 marc]**

**6.** Tharla athruithe móra i bpolasaí talmhaíochta an Aontais Eorpaigh le blianta beaga anuas.

**(a)** I gcás **DHÁ** cheann ar bith díobh sin thíos, pléigh an tionchar a bhí acu ar fheirmeoireacht na hÉireann.

- Leasuithe Mac Sharry, tugtha isteach i gcéimeanna, idir 1993 agus 1995;
- Babhta Uragua den Chomhaontú Trádála (Uruguay Round Trade Agreement), tugtha isteach i gcéimeanna idir 1995 agus 2001;
- Clár Oibre (Agenda) 2000;

**(b)** Imlínigh na héifeachtaí geilleagracha is dóichí, ar Thalmhaíocht na hÉireann, a thiocfaidh as méadú an Aontais Eorpaigh.

**[50 marc]**

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an /na f(h)reagleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán